



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

EMBARGO: MEÁN OÍCHE DÉ DOMHNAIGH, 16 Iúil 2023

**Foilsíonn an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
Páipéar Comhairliúcháin ar Mhaoiniú Dlíthíochta Tríú Páirtí**

Dé Luain 17 Iúil 2023: D'fhoilsigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí Páipéar Comhairliúcháin inniu ar Mhaoiniú Dlíthíochta Tríú Páirtí.

Ciallaíonn maoiniú tríú páirtí infheistíocht i réiteach díospóide. Tarlaíonn maoiniú tríú páirtí nuair a mhaoiníonn eintiteas (“an maoinitheoir”), nach bhfuil baint aige nó aici le páirtí a bhfuil díospóid dlí aige nó aici, an costas a bhaineann leis an díospóid sin a réiteach thar ceann an pháirtí sin. Má réitítear an díospóid i bhfabhar an pháirtí maoinithe, aisíoctar méid a infheistíochta tosaigh don mhaoinitheoir agus faigheann sé luach saothair breise mar thoradh ar an infheistíocht sin. Saincheist ghaolmhar is ea shainiú cúiseanne chaingne: ciallaíonn an tearma sin díoladh ceart chun agartha le duine nó le heintiteas eile.

Cuireann an dlí in Éirinn cosc ar mhaoiniú cásanna dlí ag páirtithe seachtracha nach bhfuil leas dlisteanach neamhspleách acu sa díospóid, faoi réir eisceachtaí áirithe.

Tá an toirmeasc bunaithe ar choincheapa ársa claonchothú agus campháirtíocht a chinneann gníomhaíocht mar tort agus cionta faoi dhlí na hÉireann.

In *Persona Digital Telephony Limited V Aire Fiontar Poiblí* (2017), deimhnigh an Chúirt Uachtarach go bhfuil na tortanna agus na cionta seo fós mar chuid den dlí in Éirinn. In *SPV Osus v HSBC Institutional Trust Services (Ireland) Ltd* (2018) chinn an Chúirt go Uachtarach go bhfuil cosc ar cúis chaingne “lom” a shannadh freisin, mar gheall aran gcosc atá are claonchothú agus campháirtíocht. Nuair a labhraímid faoi shannadh cúise chaingne, is éard atá i gceist againn ná aistriú an chirt chun éileamh a dhlíthiú chuig pháirtí nach bhfuil aon leas díreach aige san éileamh sin.

Tá an comhthéacs dlí agus beartais do mhaoiniú tríú páirtí tar éis teacht chun cinn. Mar thoradh air sin, tá léirscaoileadh déanta ag go leor tíortha ar a gcreat reachtúil agus rialála. Mar sin chríochnaigh an Coimisiún go raibh sé iomchuí Páipéar Comhairliúcháin a fhoilsiú ina leagfaí amach an seasamh cothrom le dáta maidir le reachtaíocht agus rialáil maoinithe tríú páirtí in Éirinn agus tuairimí a lorg ar an ábhar. Chríochnaigh an Coimisiún freisin gur cheart an cheist maidir le sannadh cúiseanne chaingne a chur san áireamh freisin.

Is é an Páipéar Comhairliúcháin toradh i ndiaidh thionscadal fairsing a rinne an Coimisiún; tá a lán taighde agus anailís ar na saincheisteanna i gceist déanta acu, chomh maith le scrúdú ar na forbairtí atá tarlaithe maidir le maoiniú tríú páirtí cásanna dlí i ndlínsí eile.

Tá seacht gcaibidil sa Pháipéar Comhairliúcháin:

Caibidil 1 (Maoiniú Tríú Páirtí: Comhthéacs agus Forbhreathnú ar an Earnáil)

Sa chaibidil seo míníonn an Coimisiún comhthéacs an Pháipéir Chomhairliúcháin. Leagtar amach ann na forbairtí leanúnacha éagsúla reachtacha agus rialála atá ar siúl maidir le mhaoiniú tríú páirtí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach.

Caibidil 2 (Dlí Reatha na hÉireann maidir le Maoiniú Tríú Páirtí)

Díríonn an chaibidil seo ar an dlí ar claonchothú agus ar campháirtíocht agus conas a théann sé i bhfeidhm ar mhaoiniú tríú páirtí. Aithníonn sé na gnéithe éagsúla a bhaineann le claonchothú, ar dtús ina measc an fhoráil nach bhfuil leas dlisteanach neamhspleách ag an maoinitheoir sa díospóid. Tá campháirtíocht bunaithe ar na heilimintí céanna le claonchothú, le foráil shainithe bhreise: go n-ordaíonn an maoinitheoir brabús i gcás ratha.

Caibidil 3 (Breithnithe ar Mhaoiniú Tríú Páirtí a Dhéanamh)

Sa chaibidil seo leagann an Coimisiún amach na hargóintí ar son agus i gcoinne maoinithe tríú páirtí a dhéanamh dleathach, agus déanann an Coimisiún measúnú ar na hargóintí sin. Tá ceist bhunúsach ann: an spreagfaidh maoiniú tríú páirtí agus sannadh cúiseanna chaingne tráchtarra an cheartais? Aithníonn an Coimisiún cúig argóint i gcoinne maoinithe tríú páirtí a dhéanamh dleathach:

- (a) spreagfaidh sé díospóidí cráiteacha gan fiúntas a thionscnamh;
- (b) go gcuireann sé faoi deara páirtithe cistithe a ghannchúiteamh, toisc go bhféadfaidh an cisteoir a n-aisíocaíocht a fháil ar infheistíocht, rud a fhágann nach ndéantar an páirtí cistithe a chúiteamh go hiomlán as an dochar a d'fhulaing siad;
- (c) d'fhéadfadh méadú ar chostais dlí;
- (d) d'fhéadfadh ardú ar phraghas na bpréimheanna árachais;
- (e) nach bhfuil sé oirúinach i ngach cineál díospóide.

Aithníonn an Coimisiún ceithre argóint i bhfabhar maoiniú tríú páirtí a dhéanamh dleathach: (a) go gcuideoidh sé le rochtain ar cheartas in Éirinn a leathnú; (b) go bhfeabhsóidh sé comhionannas arm idir na páirtithe i gcásanna ina bhfuil buntáiste ag páirtí amháin d'acmhainní suntasacha airgeadais i gcomparáid leis an bpáirtí eile agus inar féidir leis iallach a chur ar an bpáirtí is laige glacadh le socraíocht mhíshásúil; (c) gur féidir leis cabhrú le líon na sócmhainní atá ar fáil do chreidiúnaithe in imeachtaí dócmhainneachta a mhéadú; (d) go dtabharfaidh sé aghaidh ar neamhréireacht sa dlí, trína bhféadfaidh eintitis chorparáideacha gabháil go héifeachtach do mhaoiniú tríú páirtí faoi ainm eile trí scaireanna a eisiúint, nó trí úinéireacht na cuideachta a aistriú chun a rannpháirtíocht i réiteach díospóide a mhaoiniú.

Caibidil 4 (Samhlacha Dlisteanaithe)

Pléann an Coimisiún trí mhodhanna éagsúla chun maoiniú tríú páirtí a dhéanamh dleathach má chinntear gur cheart an chéim sin a ghlacadh : (a) an cur chuige “caomhnaithe”, trína gcuirfí deireadh leis na tortanna claonchothú agus campháirtíocht, ach go gcaomhnófaí rialacha an bheartais phoiblí atá taobh thiar de na tort agus na gcionta; (b) deireadh a chur go hiomlán leis na tortanna agus na cionta claonchothú agus campháirtíocht; (c) an cur chuige “eisceacht reachtúil”, lena n-áirithítear tort claonchothú agus campháirtíocht a choinneáil, ach foráil reachtúil a chruthú a cheadaíonn maoiniú tríú páirtí i gcásanna áirithe mar eisceachtaí.

Tá an Coimisiún den tuairim, má tá maoiniú tríú páirtí le bheith réadúil in Éirinn, gur dócha gurb é an “eisceacht reachtúil” an modh is fearr chun maoiniú tríú páirtí a dhéanamh dleathach.

Caibidil 5 (Samhlacha Rialacháin)

Sa chaibidil seo scrúdaíonn an Coimisiún samhlacha rialacháin maidir le maoiniú tríú páirtí a dhéanamh dleathach. Measann an Coimisiún gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag rialáil na hearnála seo, dá dtiocfadh sé chun cinn in Éirinn:

- (a) na rioscaí airgeadais agus rioscaí eile a d'fhéadfadh maoiniú tríú páirtí a laghdú, d'úsáideoirí na seirbhísí sin agus do pháirtithe neamhchistithe a bhfuil baint acu le díospóidí maoinithe, agus
- (b) chun ceart agus riaradh an cheartais in Éirinn a chosaint agus é a fheabhsú

Déanann an Coimisiún anailís ar chúig mhúnla rialála a d'fhéadfadh a bheith ann do mhaoiniú tríú páirtí in Éirinn, d'fhonn rialú a mhéadú:

- (a) córas deonach féinrialála rialaitheach, mar atá i Sasana agus sa Bhreatain Bheag;
- (b) córas féinrialála forfheidhmithe, mar atá i Hong Cong, agus ról maoirseachta á forchoimeád ag an stát chun an earnáil a rialáil ar bhealach níos ionsáite i gcás nach leor féinrialáil;
- (c) réasúntacht an chomhaontaithe maoinithe, mar a mhol Coimisiún Dlí na Nua-Shéalainne le haghaidh cúiseanna chaingne aicme nó comhghníomhaíochtaí;
- (d) córas ceadúnúcháin arna riar ag údarás rialála láithreach, amhail Banc Ceannais na hÉireann, nó an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí;
- (e) córas ceadúnaithe arna riar ag sainrialtóir nua arna bhunú go sonrach chun maoinitheoirí tríú páirtí agus cistiú a rialáil.

Caibidil 6 (Sé Saincheist i gCreat Rialála do Mhaoiniú Tríú Páirtí)

Díríonn an Coimisiún ar shé shaincheist a bhaineann le rialú a dhéanamh ar chóras maoinithe tríú páirtí a d'fhéadfadh a bheith dleathach sa todhchaí, ar dócha go mbeidh siad ina n-ábhar tosaíochta lena mbreithniú ag reachtóirí.

Is í an chéad cheist shonrach ar cheart maoiniú tríú páirtí a thoirmeasc i gcineálacha áirithe díospóide, lena n-áirítear imeachtaí díobhálaacha pearsanta.

Is í an dara saincheist ná nochtadh i ndíospóidí maoinithe. Feiceann an Coimisiún go bhfuil fiúntas ag baint le nochtadh éigeantach i ndíospóidí maoinithe, toisc go gceadaíonn nochtadh do pháirtithe freasúra fíor-nádúr a sáraí a bheith ar an eolas agus, i gcás chaingne ionadaíoch, gur gné thábhachtach é de chumas an Stáit cloí leis an Treoir um Ghníomhaíochtaí Ionadaíochta (Treoir. 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le chaingne ionadaíochta chun leasanna comhchoiteanna tomhaltóirí a chosaint Ba cheart, ar a laghad, ceangal a chur ar pháirtithe cistithe a nochtadh go bhfuil cistiú tríú páirtí á fháil acu, i.e. agus céannacht an mhaoinitheora, don pháirtí freasúra agus don chúirt.

Ceist nach bhfuil chomh simplí sin is ea ar cheart go mbeadh ar an bpáirtí maoinithe an comhaontú maoinithe tríú páirtí a nochtadh don pháirtí freasúra, agus don chúirt freisin. Is dócha go mbeidh faisnéis íogair tráchtála i gcomhaontuithe den sórt sin is dócha a bheidh sna comhaontuithe sin. Fáiltíonn an Coimisiún roimh aighneachtaí sa réimse seo.

Ar an tríú dul síos, díríonn an Coimisiún ar rialú iomarcach a bheith ag maoinitheoirí tríú páirtí ar dhíospóidí maoinithe. I measc na meicníochtaí atá ann cheana i gcóras dlí na hÉireann a d'fhéadfadh dul

i ngleic leis an mbaol go nglacfaidh cistitheoirí smacht tá: (a) orduithe costais neamhpháirtí agus, (b) dualgais eiticiúla atá ar chleachtóirí dlí faoi láthair chun gníomhú ar mhaithe le leas a gcliant agus ar a treoracha an chliant amháin.

Molann an Coimisiún roinnt sásraí nua chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, lena n-áirítear: (a) creat eiticiúil na gcleachtóirí dlí a leasú chun castachtaí an chaidrimh idir an cliant agus an maoinitheoir a léiriú, (b) an sainmhíniú ar mhí-iompar in Alt 50 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí 2015 a leathnú, ionas go n-áirítear foráil shonrach go gciallaíonn sé sin má thugtar smacht ar dhíospóid do mhaoinitheoir tríú páirtí go bhfuil an cleachtóir faoina réir le forálacha gearáin agus araíonachta an Achta (c) cumhacht a thabhairt don chúirt measúnú a dhéanamh, uaithi féin agus ó am go ham agus ag aon tráth, agus ar iarratas ó pháirtí, an bhfuil caingean ionadaíoch maoinithe atreoraithe ó leasanna comhchoiteanna tomhaltóirí.

Is í an cheathrú saincheist shonrach ná dócmhainneacht an mhaoinitheora le linn na díospóide maoinithe, rud a d'fhéadfadh páirtithe maoinithe agus neamh-mhaoinithe araon a fhágáil i mbaol ó chostais dlí suntasacha gan choinne. Pléann an Coimisiún an bhféadfaí dul i ngleic le hábhair inní ar thaobh an fhreagróra trí réimeas sonrach urrús a fhorbairt le haghaidh costas i ndíospóidí cistithe, ina mbeidh an maoinitheoir faoi réir toimhde infhrisnéise go soláthróidh siad urrús. Sainithníonn an Coimisiún freisin dhá mheicníocht fhéideartha chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist: (a) íoscheanglas leordhóthanachta caipitil do chisteoirí tríú páirtí agus (b) cosc a chur ar chleachtóirí dlí páirtí cistithe a gcuid costas a aisghabháil i gcás dócmhainneachta maoinitheoirí.

Is í an cúigiú saincheist ar leith ná tarraingt siar ag maoinitheoirí ó shocruithe maoinithe tríú páirtí. Déanann an Coimisiún anailís ar dhá mheicníocht fhéideartha chun déileáil leis na deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcúinsí den sórt sin: (a) tarraingt siar aontaobhach a thoirmeasc ag an gcistitheoir tríú páirtí, agus (b) srianta reachtúla a fhorchur ar na himthosca ina bhféadfaidh maoinitheoirí tríú páirtí tarraingt siar.

Sa séú háit, pléann an Coimisiún dhá shásra féideartha chun saincheist an tearcchúitimh a bhainistiú: (a) caidhp a fhorchur ar an leibhéal toraidh ar infheistíocht is féidir le maoinitheoirí tríú páirtí a bhaint as cúiteamh páirtí maoinithe, agus (b) costais mhaoinithe a cheadú agus torthaí ar infheistíocht mar chuid de ghnáth-aisghabháil costas dlíthiúil.

Caibidil 7 (Sainiú Cúiseanne Chaingne)

I gCaibidil 7 scrúdaíonn an Coimisiún cad ba cheart a chur san áireamh má dhéantar léirscaoileadh ar an dlí maidir le cúiseanna caingne a shannadh, is é sin, an ceart chun imeachtaí dlí a thionscnamh a dhíol le duine nó le heintiteas eile. Admhaíonn an Coimisiún go bhfuil go leor de na saincheisteanna a thagann chun cinn maidir le hathchóiriú an dlí reatha maidir le cúiseanna chaingne a shannadh ag dul thar fóir leis na saincheisteanna a bhaineann le maoiniú tríú páirtí go ginearálta. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil difríochtaí tábhachtacha fós ann nach mór a chur san áireamh agus athchóiriú á mholadh ar an dlí.

Tugann an Coimisiún le fios gur aithníodh le fada an lá gur eisceachtaí tábhachtacha ó claonchothú agus campháirtíocht cineálacha áirithe beart a shannadh, go háirithe fiacha a bhaineann leo, agus ba cheart iad a spreagadh. Mar sin féin, tá toirmeasc i go leor dlínsí ar shannadh cúis chaingne “lom”, is é sin, sannadh an chirt dlíthíochta do dhuine nach bhfuil leas díreach aige nó aici sa díospóid atá i gceist.

Dearcadh a lorg faoin 3 Samhain 2023. Tá an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ag lorg tuairimí ó chomhairlithe ar na saincheisteanna a ardaítear sa Pháipéar Comhairliúcháin seo faoin 3 Samhain 2023. Beidh an Páipéar Comhairliúcháin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, www.lawreform.ie, ó 7am ar an 17 Iúil. Is féidir freagraí a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí trí ríomhphost ag ThirdPartyFunding@lawreform.ie, nó tríd an bpost chuig an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, Teach Styne, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 D02 DY27.

Le haghaidh tuilleadh eolais / agallaimh déan teagmháil le: Larry Donald, Heneghan 087 2581787, Michael Hall, Heneghan 087 31062